Rewarding Learning

ADVANCED

General Certificate of Education

2022

Stair

Aonad Measúnaithe A2 2
Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire

AHY21

[AHY21]
DÉ HAOINE 27 BEALTAINE, MAIDIN

AM

2 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **trí** cheist as an rogha agat. Freagair Ceist **1**, Ceist **2** agus **ceachtar acu** Ceist **3(a)** nó **3(b)**.
Léirigh go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **3**.

Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900−1925

Freagair Ceist **1 agus** Ceist **2 agus** ceachtar acu Ceist **3(a) nó 3(b)**.

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

Ag cur in aghaidh Rialtas Dúchais 1910–1914

Foinse 1
Sliocht as óráid a thug Sir Edward Carson ag slógadh de chuid Aontachtaithe Uladh ag Craigavon, 23 Meán Fómhair 1911. Ba é Carson ceannaire Pháirtí Aontachtach na hÉireann in Westminster.

> Is dócha gurb é seo an tráth is tábhachtaí i mo shaol agus i bhur saol. Socraím conradh anois libh, go gcloífidh muid le chéile an chomhcheilg is mailísí riamh a beartaíodh in éadan pobail a bhí saor. Tá borradh faoi rath na hÉireann ar an choinníoll amháin gur de Ríocht Aontaithe iontach muid. Is rud a bhaineann le polaitíocht pháirtí é an Rialtas Dúchais dar leis an rialtas, ach domsa agus daoibhse is é atá i gceist ná go bhfuil an rialtas ag dul sa tseans lenár saoirse shibhialta agus chreidimh. Tá an rialtas réidh lena mbunreacht féin a chur ó mhaith le go rithfeadh siad Rialtas Dúchais. Caithfidh muid bheith réidh, an mhaidin a ritear Rialtas Dúchais, le go mbeimid féin freagrach as rialú chúige Protastúnach Uladh.

Foinse 2
Sliocht as óráid a thug John Dillon i dTeach na dTeachtaí, 9 Meitheamh 1913. Ba é Dillon Leascheannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann.

> Is í an argóint is mó in aghaidh Rialtas Dúchais go dtiocfadh cogadh cathartha in Ulaidh as. Creidim gur cur i gcéill atá sa chaint seo ar fad faoi chogadh cathartha, agus gur faic an deireadh a bheas leis. Tá a fhios agam, dá rithfí Rialtas Dúchais, nach gcuirfí isteach ná amach ar shaoirsí sibhialta nó creidimh Uladh. Chuala mé triúr á rá gur shínigh siad Cúnant Uladh mar go raibh siad go daingean den tuairim nach mbeadh troid ar bith ann choíche. Tá Aontachtaithe Uladh ag iarraidh bheith ina “mboic mhóra”. Maíonn siad go bhfuil Náisiúnaithe i ndiaidh éirí fuarchúiseach i dtaca le Rialtas Dúchais. Ach siocair nach dtugann muid airm isteach nó nach n-eagraíonn muid daoscarshluaite, ní hionann sin is a rá nach bhfuil muid dáiríre faoinár gcúis. Chuala mé go raibh roinnt polaiteoirí Coimeádacha ag spreagadh oifigeach in arm na Breataine chun ceannairce sa chás go n-iarrfaí orthu ord a choinneáil in aghaidh Uladh reibiliúnaigh. Tá an méid sin mailíseach agus contúirteach.

1 (a) Úsáid Foinse 1 agus do chuid eolais ar an tréimhse seo.

Cé chomh luachmhar agus atá Foinse 1 ag staraí mar fhianaise ar staidéar ar chur in éadan Rialtas Dúchais sa tréimhse 1910–1914? [15]

(b) Úsáid Foinse 1 agus Foinse 2 agus aon fhianaise eile a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

Cad é an tacaíocht a thugann na foinsí don dearcadh gurbh é cur in éadan Aontachtach do Rialtas Dúchais ba chúis leis an ghéarchéim maidir leis an Tríú Bille Rialtas Dúchais? [20]

Na Dálaí ba chúis leis an tSos Cogaidh sa Chogadh Angla-Éireannach (Cogadh na Saoirse) 1919–1921

Léirmhíniú A
Sliocht as J. Lee, *Ireland 1912–1985*: Politics and Society, foilsithe in 1989.

> Ba phearsa chumhachtach pholaitiúil agus mhíleata é Collins. Mar Aire Airgeadais, d'éirigh leis iasacht náisiúnta a thógáil. Mar Stiúrthóir Faisnéise san IRA, thacht sé gréasán faisnéise na Breataine agus thug sé faoi phríomhghníomhairí faisnéise a fheallmharú. Chuidigh Collins le heití polaitíochta agus míleata ghluaiseacht na poblachta a thabhairt le chéile. Ar an taobh eile den scéal, ní raibh lucht na Breataine ar aon fhocal ná ar aon intinn le chéile. Bhí plean glansoiléir polaitíochta in easnamh ar rialtas Lloyd George agus ba chosúil go raibh cinnteoirí na Breataine thar a gcumas. Níor éirigh leis na Briotanaigh i gcúrsaí faisnéise go dtí go luath in 1921, tráth ar éirigh leo fáil réidh le roinnt de bhrathadóirí barrthábhachtacha Collins. Bhí 40 000 saighdiúir de chuid na Breataine sa tír in 1921, ach ba iad na 7000 Dúchrónach agus na 6000 Póilín Cúnta a rinne an chuid ba mhó den troid. Earcaíodh na Dúchrónaigh agus na Póilíní Cúnta, iarshaighdiúirí agus iaroifigigh, faoi choinne oibríocht "phóilíneachta". Mar sin féin, ní raibh go leor acu ann le réim cheart sceimhle a chur i bhfeidhm, ach bhí go leor acu ann le hainghníomhartha a dhéanamh, ainghníomhartha a spréach an meon náisiúnach in Éirinn agus i Meiriceá agus a chuir uafás ar phobal liobrálach na Breataine. Chaill an Bhreatain comhrac na bolscaireachta le sraith uafásach botún.

Léirmhíniú B
Sliocht as R. Rees, *Ireland 1900–25*, foilsithe in 1998.

> Ag tarraingt ar dheireadh na bliana 1920, chuir an Bhreatain dlús lena feachtas cos ar bolg. Tháinig meath ar chúirteanna na Dála agus bhí airgead Roinn Rialtais Áitiúil de chuid Shinn Féin ag éirí gann. Bhí cuid mhór de dheisceart agus d'iarthar na hÉireann faoi dhlí míleata faoi thús na bliana 1921. Chuir sé seo brú ar an *IRA*. Bhunaigh an Bhreatain córas nua faisnéise míleata agus fuarthas líon suntasach arm dá bharr. Cuireadh saighdiúirí na Breataine amach go ceantair thuaithe agus is minic a raibh ar cholúin reatha de chuid an *IRA* tarraingt siar go ceantair thar a bheith iargúlta. Shásaigh sé seo an Ginearál Macready, bíodh is gur éirigh sé míshásta le dísmacht póilíní de réir a chéile. Tharla gur buille trom ar mheanma an *IRA* agus tubaiste mhíleata a bhí san ionsaí iomráiteach ar Theach an Chustaim i mBaile Átha Cliath. Cuireadh go suntasach le líon na n-amhrastach *IRA* a imtheorannaíodh. Meastar go raibh tuairim is 3000 fear ag an *IRA* ar fiannas faoi shamhradh 1921 agus iad ag tabhairt aghaidh ar chomhfhórsa póilíní agus airm a raibh breis agus 40 000 duine ann. Bhí pobal na hÉireann ag éirí tuirseach den chogadh faoi Iúil 1921.

2 Déan staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.

Na léirmhínithe agus do thuiscint ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu de na léirmhínithe difriúla seo is inchreidte dar leat, maidir leis na cúiseanna leis an tsos cogaidh sa Chogadh Angla-Éireannach 1919–1921? [25]

3 Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

Ceachtar acu

(a) Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an tuairim gur bhain teip Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann in Olltoghchán 1918 le polasaithe rialtas na Breataine i ndiaidh thús an Chéad Chogaidh Dhomhanda? [20]

Nó

(b) "Bhain bua arm an tSaorstáit i gCogadh Cathartha na hÉireann idir 1922–1923 ar fad leis na modhanna crua a chleacht siadsan agus an rialtas in éadan fhórsaí frith-Chonartha." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [20]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Sources

Option1-Interpretation A.....© Elizabeth the Queen by Alison Weir (ISBN: 978-0224044141) Published by Jonathan Cape Ltd, 1998
Option1-Interpretation B.....© Stuart England 1603 - 1714 by Barry Coward (ISBN: 978-0582084056) Published by Longman, 1997
Option2-Interpretation A.....© Stuart England 1603 - 1714 by Barry Coward (ISBN: 978-0582084056) Published by Longman, 1997
Option2-Interpretation B.....© Stuart Britain and the Crisis of Monarchy, 1603-1702 by Angela Anderson and dale Scarboro (ISBN: 978-1107531208) Published by Hodder Education, 2015
Option3-Interpretation A......© Ireland in the Age of Imperialism and Revolution, 1760-1801 by R. B. McDowell (ISBN: 978-0198224808) Published by Clarendon Press, 1979
Option3-Interpretation B.....© The Men of No Property: Irish Radicals and Popular Politics in the Late Eighteenth Century by Jim Smyth (ISBN: 978-0312075903) Published by Palgrave MacMillan, 1992
Option4-Interpretation A......© Ireland 1912-1985 by Joseph J. Lee (ISBN: 978-0521377416) Published by Cambridge University Press, 1989
Option4-Interpretation B....."Ireland 1900-25: Ccea A2 Level History" by Russell Rees © Colourpoint Educational

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

13118.05/1